Don Cíochótae

Gabriel Rosenstock

Féach chugainn é, féach chugainn é
Ag teacht anuas ón sliabh
Ní fhaca mé éinne
Mar é riamh.

Cad as dó, cad as dó
É féin is a chapall bán?
Cén fáth a bhfuil lansa
Aige ina lámh?

Cé atá laistiar de
Is é ar asal liath?
Cá bhfuil a dtriall –
Corcaigh nó Baile Átha Cliath?

Féach chugainn é, féach chugainn é
Ag teacht anuas ón sliabh
Ní fhaca mé éinne
Mar é riamh!



Ón leabhar *Siobhán Cheanndána agus Dánta Eile*
le Gabriel Rosenstock.
Gach ceart ar cosaint.
© Foras na Gaeilge 2026.
An Gúm

Ichabod Crane agus an Marcach gan Cheann

Gabriel Rosenstock

‘Fóir orm! Fóir!’

Ar a chapall Púdar Gunna
Tá Ichabod Crane ar a theitheadh,
Ar a theitheadh ón Marcach gan Cheann
Ar a theitheadh ó scáil na sceiche.

‘Fóir orm! Fóir!’

Cloiseann sé sciatháin leathair,
Cloiseann sé ulchabháin,
Gríosaíonn sé Púdar Gunna –
Tréaniarracht eile amháin.

‘Fóir orm! Fóir!’

Ansin, cad a dhéanann an Marcach
Ach a cheann a chaitheamh le Crane!
Leagtar Crane bocht dá chapall
Agus sin agaibh críoch an scéil.



Ón leabhar *Siobhán Cheanndána agus Dánta Eile*
le Gabriel Rosenstock.
Gach ceart ar cosaint.
© Foras na Gaeilge 2026.
An Gúm

Murúch

Gabriel Rosenstock

Bhí an oíche dorcha
Chomh dorcha le dúch
Ar a capaillín mara
Tháinig murúch.
Chonaic sí buachaill
Ag siúl na trá
Agus láithreach bonn
Thit sí i ngrá.
‘An dtiocfaidh tú liomsa
Thar sáile i gcéin?’
‘Tiocfad,’ arsa an buachaill,
‘Cé thú féin?’
‘Gearóidín Ní Ghliomaigh
M’ainm is mo shloinne
Is bímse ag snámh
Ar chíríní toinne.’
Léim an buachaill
Ar an gcapaillín go beo:
‘Tá tú agam!’ arsa Gearóidín,
‘Is beidh tú agam go deo!’



Ón leabhar *Siobhán Cheanndána agus Dánta Eile*
le Gabriel Rosenstock.
Gach ceart ar cosaint.
© Foras na Gaeilge 2026.
An Gúm

Cráin os Comhair na Cúirte


Gabriel Rosenstock

Cinnte, bhí sí buartha
Nuair a tháinig sí os comhair na cúirte.

Fuarthas ciontach í, an créatúr bocht,
As siúl ar na sráideanna agus í lomnocht.

‘Tabhair treabhsar dom, nó sciorta,
nó filleadh beag!’ ar sí.

Is é a tugadh di, an créatúr,
ná príosúnacht sé mhí.



Ón leabhar *Siobhán Cheanndána agus Dánta Eile*
le Gabriel Rosenstock.
Gach ceart ar cosaint.
© Foras na Gaeilge 2026.
An Gúm

Glórtha

Gabriel Rosenstock après *Norman Bissell*

Uaireanta anseo
is deacair glór na gaoithe
a dhealú
ó ghlór na dtonn
nó glór na dtonn
ó ghlór na fearthainne
nó glór na gaoithe
is glór na dtonn is na fearthainne
ó ghlór m'anála.




Ón leabhar *Siobhán Cheanndána agus Dánta Eile*
le Gabriel Rosenstock.
Gach ceart ar cosaint.
© Foras na Gaeilge 2026.
An Gúm

Nithe a Fuarthas i bPóca Mairnéalaigh Longbhriste

Gabriel Rosenstock après *Ian McMillan*

Lítear sáile.
Smugairle róin míshásta.
Blúire beag de bhád tarrthála.
Peann luaidhe agus feamainn casta timpeall air.
Cleite báite.
An chéad leathanach den leabhar *Snámh gan Stró*.
Léarscáil fhillte de charraigeacha dainséaracha.
Grianghraf de chailín beag agus gúna dearg uirthi.
Bonn óir.
Litir ó mhaighdean mhara.



Ón leabhar *Siobhán Cheanndána agus Dánta Eile*
le Gabriel Rosenstock.
Gach ceart ar cosaint.
© Foras na Gaeilge 2026.
An Gúm